

—1996—

‘Tá an fráma imithe ina lucht’: An Teanga agus an Téacs

Liam Ó Muirthile

(CATHAOIRLEACH: MÁIRTÍN Ó MURCHÚ)

Chuimhníos ar ‘An Tarna hAthbheochan’ a thabhairt ar an gcaint seo mar choimriú amháin a rith liom, den gcéad fhéachaint, ar an bhfosc chlabhsúr mílaoise atá thart orainn. Ach is fada an focal, gan trácht ar an bhfealsúnacht, a chiallaigh ‘athbheochan’ caite i dtraipisí againn agus í imithe in éag. Tá slite ag focal, áfach, agus ag seanathuisicintí péacadh fé chló nua. Fosc rabairneach is ea an méid atá ar siúl agus cúis ghairdeachais againn mar phobal teanga. Teilifís na Gaeilge (‘TnaG’) ar an aer don óige, go háirithe, agus níl aon insint, dar liom, ar an ardú meanman atá tugtha aige dhúinn agus, níos tábhachtaí ná sin féin amháin, dár dteaghlaigh. B’fhéidir gurb é seo an cuairteoir go rabhamar ag tnúth leis isteach inár dtithe le fada. Tá radharc na súl, cuid éigin, tugtha thar n-ais don ndall sa chúinne sa tseanchas. Caochadh de shaghas eile ar fad is ea anois é. Tá sothuigteacht ar an dteilifís ag mórán dá raibh ar eolas againn féin mar Ghaeilgeoirí ach go raibh an mórfhobal dall air. B’fhéidir go mba chóra dom ‘An Bheochan Tosaigh’ a thabhairt ar an gcaint seo, ag glacadh ar láimh le téarma na teilifíse ar *opening animation*.

Ar nós scata eile, tháinig tocht orm féin, leis, Oíche Shamhna, agus mé ag feitheamh le tús na seirbhíse: na nóimintí digiteacha ag scinneadh leo—comhaireamh síos mar a deirtear sa bhéarlagair—chomh cinniúnach le láinseáil aon roicéid ó Cape Canaveral. Lasas féin mo bhladhair solais, roinnt tinte ealaíne a bhí feistithe agam sa ghairdín bruachbhaile mar ócáid dos na leanaí. Tar éis an chéad chúpla

lá de TnaG dúirt duine de mo chlann mhac le hiontas ‘agus tá fógraí i nGaeilge *idir na cláracha*’ fé mar gur bhain a theanga féin den gcéad uair riamh leis an saol. Ag seasamh ag fuinneog chistineach i mBaile na hAbhann Oíche Chinn Bhliana seo caite bhí radharc agam fé sholas na gealaí ar sheanafhallaí eastát an Bhlácaigh trasna na ngarraithe uaim—radharc ar chlé ar chreatlach sheachadóir TnaG agam agus dhein an ghealach x-ghathú ar sheanrianta iomairí prátaí. Bhí sráidbhaile Indreabháin taobh istigh d’fhallaí an eastáit sin agus díothaíodh an t-iomlán aimsir an Ghorta. Do bhraitheas Oíche Chinn Bhliana go raibh comhar bunúsach á íoc agus TnaG ag teacht chun an chéad ghála aisíoctha sin a dhéanamh. Éabhlóid chultúrtha a thugann an teangeolaí Ken Hale ó Massachusetts Institute of Technology ar theilifís mar mheán agus tá ár stáinín féin, ár gcantam anois againn dó—agus nach í a bhí dlite dhúinn?

Braithim go bhféadfadh TnaG a bheith níos mó fiú ná mar a shamhlaigh éinne againn agus b’fhéidir gurb í an bacbhreidh nó *breakthrough* síceolaíoch a theastaigh le fada. Tá clár nó dhó fiúntach Gaeilge ar theilifís RTÉ a hAon arís agus iad ag mealladh lucht féachana níos airde ná mar a dhein le fada le cúnadh doirse na bhfotheideal isteach sa phictiúr, nó droichead na bhfotheideal mar atá tugtha orthu, droichead idir an dá theanga sa tír. Tá an tarna nuachtán seachtainiúil Gaeilge againn agus an-dhealramh aniar leis is do bheadh fonn ar dhuine dul amach agus *Foinse* a cheannach in éineacht le £10 peitрил agus lítear bainne. Tá na hathruithe is cuimsithí déanta ar chlársceideal RTÉ Raidió na Gaeltachta ó cuir-eadh fad lena cuid uaireanta craolta. Agus má tá cuid dá sainiúlacht réigiúnach caite uaithi aici—más lú de áit a dtéann duine feasta é, mar a dúirt John Waters, an t-iriseoir, go baileach—is mó atá gothaí na seirbhíse náisiúnta uirthi go bpriocann tú a minicíocht as an aer ar nós na coda eile acu. Tá an chuma ar an scéal gurb iad na meáin leictreonacha agus chumarsáide atá ina gcrann tiomána ag pé imeacht atá faoi chúrsa na teangan. Tá Raidió na Life ann, raidió pobail san ardchathair, lena ‘Dartais’ gan ‘l’-anna leathana, lena gutaí mínithe. Tá éileamh seasta gan trá fós ag pobail ar réamhscolaíocht Ghaeilge agus ar Ghaelscolaíocht, agus níos mó leabhar ná riamh á bhfoilsíú, fiú mura bhfuilid á léamh ach ag líon teoranta, isteach is amach le míle ar a mhéid. Tá aitheantas agus stádas á mbaint amach diaidh ar ndiaidh ar mhór-roinn na hEorpa ag cuid éigin de litríocht Ghaeilge na hÉireann i dteangacha na hEorpa agus i Meiriceá, más trí thiarnúlacht an aistriúcháin Bhéarla féin é. Tá ár gcuid scríbhneoirí i lár an aonaigh gan iad ag seasamh ar a sláinte níos mó, ná ina scaoinsí ar leataobh sráide ach iad gualainn ar ghualainn, nó i gcásanna áirithe, ag lú gruá le gruá lena gcomhghleacaithe, gan trácht ar an mborradh fés na hamhráin, atá ina monabhar Ceilteach—an teanga mar a bheadh dord cianda (ná bac an teanga ach abair an dord)—nó ina liú éagaoineach fuilchoipthe *Cajun* ag Seán Monaghan. Gan trácht ar an gceol in airde láin agus ar na scannáin Ghaeilge atá gan déanamh fós. Tá cuma na maith-